

Ag cabhrú le leanaí agus le lapadáin meonta dearfacha foghlama a fhorbairt

Ceangail le hAistear agus le Síolta

Aistear

Téamaí: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais: Ag tacú le foghlaim agus le forbairt trí mheasúnú (pp.72-102)

Caighdeáin Síolta

1: Ceartha an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3

6: Spraoi, C6.7

7: Curaclam, C7.2, 7.6

Achoimrí ceangailte leis na Caighdeáin thuas

Déantar cur síos i dtéamaí *Aistear* ar a bhfuil ag teastáil ó pháistí ó bhreith ar aghaidh agus tugann an creat breac-chuntas ar fhoghlaim i **gceithre ghné idirnasctha: scileanna, dearcthaí agus luachanna, eolas agus tuiscint, agus meonta**. Cuimsíonn **scileanna** do leanaí agus do lapadáin rudaí ar nós breith ar rudaí, iad féin a chothú, bheith ag siúl agus cumarsáid a dhéanamh gan chaint. Cuimsíonn **dearcthaí agus luachanna** ag an aois seo féiniómhá dhearfach agus dearcadh dearfach i leith foghlama a fhorbairt, agus cuimsíonn **eolas agus tuiscint** 'rialacha' a fhoghlaim, mar shampla, chun idirghníomhú le daoine eile, cosúil le huainíocht a dhéanamh, agus a thuiscint go bhfuil ciall le focail atá scríofa ar leathanach.

Déantar cur síos ar fhoghlaim na bpáistí in *Aistear* ó thaobh **meonta** a theastaíonn ó leanaí agus ó lapadáin chun a lánchumas a bhaint amach freisin. Is minic a dhéantar cur síos ar mheonta, **neamhspleáchas, fiosracht, aire nó cruthaitheacht** ina measc, mar thréithe nádúrtha carachtair atá ag páistí ó bhreith. Is féidir tionchar a bheith ag daoine fásta ar fhorbairt na meonta dearfacha foghlama, áfach.

Céard is meon ann?

Déantar cur síos ar mheonta in Aistear mar 'nósanna leanúnacha intinne agus gnímh. Is ionann meon agus claonadh i dtreo freagairt do shuíomhanna ar bhealaí saintréitheacha' (Aistear, 2009, Ich.54).

Is iad seo a leanas cuid de na **meonta** dearfacha a luaitear in *Aistear*: **neamhspleáchas, fiosracht, díriú, cruthaitheacht, freagracht, athléimneacht, foighne, buanseasmhacht, spráilacht, samhlaíocht, suim a bheith agat i rudaí, taitneamh a bhaint as réiteach fadhbanna, bheith i d'éisteoir maith, rioscaí a mheas agus dul sa seans, bheith cairdiúil, bheith ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh, fáilte a chur roimh dhaoine eile agus roimh dhifríochtaí, bheith tuisceanach, bheith sásta, comhoibriú le daoine eile.**

Cén fáth a bhfuil meonta tábhachtach?

Tá tionchar ag meonta foghlama ar chumas foriomlán na bpáistí foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh. Forbraíonn meonta taobh le agus i gcomhar le sealbhú eolais, scileanna, dearchtaí agus tuisceana na bpáistí. Mar shampla, nuair a imríonn leanbh cluiche le duine fásta, ina gcuirtear cupáin os cionn a chéile agus ina leagtar arís iad, tá na **scileanna fisiciúla** a bhaineann le breith ar rudaí, le rudaí a láimhsiú agus le svaidhpeáil á bhfoghlaim aige/aici. Ag an am céanna, tá sé/sí ag foghlaim nach n-éiríonn linn ar an gcéad iarracht i gcónaí agus go bhféadfaí bheith orainn cúpla iarracht eile a dhéanamh, agus tá na meonta foghlama d'fhoighne agus de bhuanseasmhacht á bhforbairt aige/aici. Teastaíonn foighne ón duine fásta freisin - chun ligean don leanbh an ghníomhaíocht nó an cluiche a dhéanamh arís agus arís eile fad is a bhfuil spéis aige/aici ann, agus chun iarrachtaí eile a dhéanamh agus foighne a léiriú!

Is féidir le meonta bheith **dearfach nó diúltach** - níl roinnt meonta chomh húsáideach agus atá meonta eile le haghaidh foghlaim agus forbairt na bpáistí. Níl meonta seasta agus is féidir iad a spreagadh agus a neartú, nó a lagú le himeacht ama. Ba chóir do chleachtóirí iarracht a dhéanamh meonta dearfacha a threisiú. Mar shampla, is iondúil go mbraitheann leanaí, nach dtugtar an deis dóibh iad féin a chothú, nó lapadáin, nach dtugtar an deis dóibh rudaí a dhéanamh dóibh féin, ar an dúine fásta an iomarca agus is féidir leo **dímri** fhoghlamtha (meon diúltach) a fhorbairt. Ach leanaí agus lapadáin a spreagadh le breith ar spúnóg agus iad féin a chothú, fiú nuair a d'fhéadfadh sé bheith níos tapúla agus níos glaine don duine fásta iad a chothú, tá daoine fásta ag cabhrú leo neamhspleáchas agus féintuilleamaí a fhorbairt. Má tá leanbh cúramach agus airdeallach ar chásanna nó ar

dhaoine nua go nádúrtha, is féidir le cleachtóirí an páiste a spreagadh le bheith níos **fiosraí** agus níos **solúbtha** ach athruithe a thabhairt isteach de réir a chéile, ach cad a tharlóidh a mhíniú sula dtarlaíonn aon athrú agus ach é/í a chur ar a s(h)uaimhneas.

Cén chaoi ar féidir liom meonta dearfacha a spreagadh?

Ach bheith eolach ar na cineálacha meonta atá úsáideach, tá cleachtóirí in ann pleanáil do thimpeallacht agus d'idirghníomhaíochtaí tacúla a spreagfaidh meonta dearfacha. Mar shampla,

- samhail a dhéanamh den mheon,
- a léiriú go bhfuil meas agat ar an meon,
- deiseanna a thabhairt do pháistí meonta a fhorbairt (am, spás, trealamh nó spreagadh).

Difríochtaí agus roghanna aonair a chur san áireamh, mar shampla ach athruithe a thabhairt isteach de réir a chéile, nó ach tacaíocht bhreise a thabhairt do pháiste a dteastaíonn sí uaidh/uaithi. Tugtar tuilleadh sonraí ar an gcaoi a bhféadfá forbairt na meonta dearfacha a spreagadh thíos.

Is féidir meonta a spreagadh nó cur ina gcoinne, agus iad a neartú nó a lagú, trí thaithí agus trí idirghníomhaíochtaí le daoine eile agus leis an timpeallacht.

Fiosracht agus fonn foghlama a spreagadh:

Is féidir fiosracht dhúchasach linbh nó lapadáin a spreagadh nuair a bhreathnaíonn tú ar na rudaí a bhfuil spéis aige/aici iontu, nuair a thugann tú deiseanna dó/di taiscéaladh agus nuair a fhreagraíonn tú dá c(h)eisteanna. Mar shampla:

- Cibé rud ar thug sé/sí aird air a thabhairt faoi deara agus labhairt faoi
- Bréagán a chur i bhfolach faoi bhosca nó faoi chúisín le go n-aimseoidh an páiste é
- Rudaí suimiúla, cosúil le heitleán sa spéir nó éan lasmuigh den fhuinneog, a thaispeáint agus a mhíniú dó/di
- Fuaim a dhéanamh le bréagán díoscánach agus an leanbh nó an lapadán a spreagadh chun an áit as a bhfuil an fhuaim ag teacht a aimsiú
- É/í a spreagadh chun iniúchadh a dhéanamh ar uigeachtaí agus ar ábhair dhifriúla - mar shampla, mothaíonn láib sa ghairdín difriúil ó thaos súgartha.
- Tugann ciseán taise rudaí nua do leanaí (nuair atá siad in ann suí suas gan chúnamh) le breith orthu, le láimhsiú agus le cur ina mbéal, agus cuireann daoine fásta ar a suaimhneas iad ag an am céanna. Féach an leidbhileog ar chiseán taise a úsáid le leanaí anseo nó breathnaigh ar an bhfíseán [anseo](#).
- Samhail a dhéanamh den mheon, ag léiriú go bhfuil suim agat i rudaí, agus an tsuim sin a léiriú: *Breathnaigh, tá tarracóir ansin! Tá dath glas air, cosúil leis an gceann atá ag do Dhaidí sa bhaile, nach bhfuil?*
- Scéal a léamh - *Tabhair buille faoi thuairim faoi cad a tharlóidh anois? Cad atá faoin bhflapa? An féidir leat an frog a aimsiú?*

- Bealaí chun tuilleadh eolais a fháil faoi rudaí a thaispeáint dó/di: *Meas tú céard atá sa bhosca? An féidir linn é a oscailt? Meas tú cén bia a thaitníonn leis an gcoinín? An dtaitníonn cairéid leis, dar leat? An bhféachfaimid ar an méid a deirtear sa leabhar?*

Díriú agus dianseasmhacht a spreagadh:

- A léiriú go bhfuil meas agat ar an meon. Mar shampla, aon uair a chaitheann leanbh/lapadán a lán ama ag díriú ar rud, nó nuair a éiríonn leis/léi rud éigin a chríochnú, a thabhairt faoi deara agus rud éigin a rá faoi:
 - *Maith thú, a Lily, bhí tú ag spraoi ag an uisce ar feadh tamaill an-fhada, caithfidh go raibh an-suim agat ann.*
 - *Beagnach ann - céim amháin eile agus beidh lámhacán déanta agat go dtí barr an staighre.*
- Bheith réidh le cabhair a thabhairt dóibh má tá frustrachas orthu, ach a mhéad is féidir, iad a spreagadh chun é a dhéanamh iad féin. *Cén fáth nach bhfaigheann tú do chéim bheag, agus beidh tú in ann é a fháil ansin?*
- Aon uair atá páistí saite sa spraoi a thabhairt faoi deara, agus dóthain ama a thabhairt dóibh a bhfuil á dhéanamh acu a chríochnú. Rabhadh a thabhairt faoi aistrithe riachtanacha roimh ré: *Cúig nóiméad eile agus caithfidh glanadh suas don lón ansin.*

- Spreagtar díriú, chomh maith le samhlaíocht agus le fiosracht, nuair a éistear le scéalta agus nuair a léitear le chéile. Spreagtar páistí le breathnú ar leabhair agus ar léitheoireacht mar rudaí ar chóir dóibh taitneamh a bhaint astu nuair a sholáthraítear coirnéal compordach leabhar agus nuair a roinntear leabhair leo (cruthaíonn sé seo meon dearfach i leith léitheoireachta níos déanaí). Clliceáil [anseo](#) chun liosta de leabhair phictiúr do leanaí a fháil agus clliceáil [anseo](#) agus [anseo](#) chun liosta de leabhair phictiúr do lapadáin a fháil.

Neamhspleáchas agus athléimneacht a spreagadh:

Deiseanna a thabhairt a bhaineann leis na cineálacha idirghníomhaíochtaí a ligfidh do leanaí agus do lapadáin a meonta dearfacha a chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun na meonta dearfacha foghlama de **neamhspleáchas** agus d'**athléimneacht** a spreagadh:

- Timpeallacht a sholáthar a chuireann ar chumas na bpáistí bheith níos **neamhspleáiche** – Bréagáin inrochtana, coimeádáin trédhearcacha stórála ionas gur féidir le lapadáin na rudaí sa choimeádán a fheiceáil, crúcaí ísle a sholáthar le haghaidh éadaí, doirtíl ísle chun lámha a ní, áit shábháilte le tuisliú agus le dreapadh.
- Seans nach mbeidh lapadáin in ann a mbróga nó a gcóta féin a chur orthu go fóill, is féidir leo iad a fháil agus a thabhairt don duine fásta. Lapadáin níos sine a spreagadh le cabhrú le bréagáin a chur i dtaisce, le scuabadh nó leis an mbord a ghlanadh.
- Leanaí níos sine a spreagadh le breith ar spúnóg nó ar mhéaróga bia ag amanna béile le go bhfoghlaimoidh siad conas iad féin a chothú.
- Ligean do leanaí agus do lapadáin

gníomhaíochtaí a roghnú agus cinntí a dhéanamh ag leibhéal cuí (**neamhspleáchas, smaoineamh ar ghníomhaíochtaí**): *Ar mhaith leat teacht isteach anois nó fanacht amuigh ar feadh tamaill eile?*

- Straitéisí a mholadh agus samhail a dhéanamh de bhealaí chun déileáil leis na teipeanna agus leis an díomá dhosheachanta ina saolta chun **athléimneacht** a fhorbairt - a m(h) othúcháin a aithint agus b'fhéidir straitéis chomhrognach a mholadh:
 - *Tá a fhios agam go bhfuil brón ort mar gur phléasc do bhalún - cén fáth nach n-imrímid leis an uisce? Taitníonn sé sin leat, nach dtaitníonn?*

Meonta sóisialta agus meonta eile a spreagadh:

- Freagairt d'iarrachtaí an linbh nó an lapadáin **cumarsáid a dhéanamh**. *Is miongháire álainn é sin, a Keegan. Plobaireacht linbh a aithint - tá amhrán álainn á chanadh agat / tá scéal iontach á insint agat.*
- Lapadáin níos sine a spreagadh le bheith ag spraoi agus ag cabhrú lena chéile (**comhoibriú, comhoibriú le daoine eile, bheith sóisialta**). Ag an am céanna, aithníonn siad go mb'fhéidir gur fearr leo bheith ag spraoi ina n-aonar nó taobh le daoine eile seachas leo. Is iontach an rud é bheith ag spraoi sa ghaineamh nó san uisce dó seo.
- Spreagann eispéiris cosúil le méarphéinteáil, le huisce agus gaineamh, le hábhair neamhiata agus scaoilte; clocha agus boscaí cairtchláir ina measc, **cruthaitheacht agus samhlaíocht**, chomh maith le deiseanna chun taitneamh a bhaint as bheith ag spraoi le daoine eile agus chun scileanna sóisialta a fhorbairt.

- Cabhrú leo **mothúcháin agus riachtanais daoine eile a aithint**: *Níl Mark ag iarraidh peil a imirt faoi láthair - tá uain suaimhnis ag teastáil uaidh. B'fhéidir gur mhaith le Lara imirt - an gcuirfimid ceist uirthi?*
- Leanaí agus lapadáin a spreagadh le **fadbhanna a réiteach**: *Tá Teddy tuirseach, cá gcuirfimid é le dul a chodladh? Níl dóthain cúpan againn do gach duine, cad a dhéanfaimid?*

Cabhróidh straitéisí agus idirghníomhaíochtaí mar seo le páistí forbairt go hiomlánaíoch - de réir mar a fhoghlamaíonn siad **na scileanna agus an t-eolas** a theastaíonn uathu, tá **meonta dearfacha**, a mbeidh siad in ann leas a bhaint astu anois agus sa todhcháí, á bhforbairt acu. Tá sé tábhachtach freisin an tábhacht a bhaineann le meonta dearfacha foghlama a mhíniú do thuismitheoirí agus iad a spreagadh le bheith ag faire amach dóibh agus le tacaíocht a thabhairt dóibh sa bhaile

Meonta a mheas

Pléann Treoirlínte *Aistear* le haghaidh Dea-Chleachtais ar mheasúnú (2009, lch72-102) an tábhacht a bhaineann le breathnú ar na rudaí a dhéanann agus a dheir páistí le himeacht ama, agus leis an eolas seo a úsáid chun pleanáil d'eispéiris amach anseo. Moltar sa Treoirlínte (lch. 74) gur chóir don duine fásta fianaise ar dhul chun cinn an pháiste a chuardach ar fud **ceithre ghné idirnasctha mar a leagtar amach thuas: scileanna, dearcthaí agus luachanna, eolas agus tuiscint, agus meonta.**

Is féidir le meonta bheith deacair a mheas agus seans nach léir go bhfuil meon ar leith ag páiste go dtí go gcuirtear aithne ar pháiste thar thréimhse ama. Má bhreathnaímid ar pháistí agus iad ag idirghníomhú agus ag spraoi, ligeann sé dúinn an chaoi a léiríonn siad a meonta a fheiceáil agus tá sé tábhachtach meonta a chur san áireamh sa mheasúnú mar go bhfuil **meonta dearfacha** á n-aithint i bhfad níos mó anois mar ghnéithe ríthábhachtacha d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na bpáistí!